2025/873

12.5.2025

CINNEADH (AE) 2025/873 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 24 Aibreán 2025

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/1981 maidir le húsáid sheirbhísí Chóras Eorpach na mBanc Ceannais ag údaráis inniúla (BCE/2022/33) *(BCE/2025/13)*

Tá Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe, Airteagal 127(6) agus Airteagal 132 de,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 34 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) i gcomhar le hAirteagal 6(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Chinneadh (AE) 2022/1982 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/34) ([2]), féadfaidh údaráis inniúla úsáid a bhaint as sheirbhísí Chórais Eorpach na mBanc Ceannais (CEBC) chun críche comhoibriú le CEBC agus le chéile chun a gcúraimí a dhéanamh laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta (SAM), arna bhunú de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle.

(2) De bhun Chinneadh (AE) 2022/1981 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/33) ([3]), ní mór d'údaráis inniúla seirbhísí áirithe CEBC a úsáid, agus féadfaidh siad seirbhísí eile CEBC a úsáid, ar na téarmaí dá bhforáiltear sa Chinneadh sin.

(3) Tá feidhm ag Cinneadh (AE) 2022/1981 (BCE/2022/33) maidir le seirbhísí CEBC a shonraítear sna liostaí uileghabhálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin Go háirithe, sonraítear in Iarscríbhinn I seirbhísí CEBC a cheanglaítear ar gach údarás inniúil a úsáid chun a gcúraimí a dhéanamh laistigh de SAM, agus sonraítear in Iarscríbhinn II seirbhísí CEBC a fhéadfaidh údaráis inniúla a úsáid, ar bhonn deonach, chun a gcúraimí a dhéanamh laistigh de SAM.

(4) Cuirtear seirbhísí CEBC ar fáil do bhainc cheannais CEBC chun tacú le comhlíonadh a gcúraimí. Déanann banc ceannais CEBC amháin nó níos mó seirbhísí CEBC a fhorbairt, a reáchtáil agus a chothabháil agus is é Coiste Staidrimh an CEBC a stiúrann iad.

(5) Is seirbhís staidrimh CEBC é Tionscadal Tascanna Oibríochtúla Foclóir Tuairiscithe Comhtháite na mBanc (Banks' Integrated Reporting Dictionary Operational Tasks Project, BIRD OT) ina bhfuil samhail sonraí chomhtháite agus chomhchuibhithe agus foclóir tuairiscithe agus, dá réir sin, tá sé beartaithe feabhas suntasach a chur ar cháilíocht, ar chomhsheasmhacht agus ar chruinneas na sonraí a thuairiscítear do bhainc cheannais trí thuairisciú staidrimh. Chothódh úsáid BIRD OT comhar i réimse an tuairiscithe rialála, ós rud é go gcuirfidh gach gníomhaire tuairiscithe agus gníomhaire faoi mhaoirseacht a úsáideann BIRD OT samhail aonfhoirmeach sonraí agus foclóir tuairiscithe i bhfeidhm. Dá bhrí sin, rachadh BIRD OT chun tairbhe do na húdaráis inniúla uile a gceanglaítear tuarascálacha sonraí maoirseachta a chur faoina mbráid.

(6) Chun feidhmiú rianúil, éifeachtach agus comhsheasmhach SAM a áirithiú, ba cheart a áireamh sna socruithe praiticiúla don chomhar idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) laistigh de SAM socruithe maidir le húsáid BIRD OT ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta sin chun a gcúraimí a chur i gcrích faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2022/1981 (BCE/2022/33) a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 63.

([2]) Cinneadh (AE) 2022/1982 ón mBanc Ceannais Eorpach an 10 Deireadh Fómhair 2022 maidir le húsáid sheirbhísí Chóras Eorpach na mBanc Ceannais ag údaráis inniúla agus ag údaráis chomhoibritheacha, agus lena leasaítear Cinneadh BCE/2013/1 (BCE/2022/34) (IO L 272, 20.10.2022, lch. 29).

([3]) Cinneadh (AE) 2022/1981 ón mBanc Ceannais Eorpach an 10 Deireadh Fómhair 2022 maidir le húsáid sheirbhísí Chóras Eorpach na mBanc Ceannais ag údaráis inniúla agus ag údaráis chomhoibritheacha, agus lena leasaítear Cinneadh BCE/2013/1 (BCE/2022/33) (IO L 272, 20.10.2022, lch. 22).

TAR ÉÍS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú

I gCinneadh (AE) 2022/1981(BCE/2022/33), cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn I.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an bhfíchiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 24 Aibreán 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I de Chinneadh (AE) 2022/1981 (BCE/2022/33):

'IARSCRÍBHINN I

Seirbhísí CEBC a cheanglaítear ar údaráis inniúla a úsáid

— AnaCredit (Anacredit)

— Banks' Integrated Reporting Dictionary Operational Tasks Project (BIRD OT)

— Centralised Securities Database (CSDB)

— CoreNet

— Enterprise Service Bus (ESB)

— Identity and Access Management Service (IAM)

— Register of Institutions and Affiliates Database (RIAD)

— Securities Holdings Statistics Database (SHSDB)'.